Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11179 - BRIDGEPOINT / WINDAR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 317/10)

1. An 30 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Global Dromen, S.L. (an Spáinn), eintiteas atá faoi rialú deiridh agus indíreach Bridgepoint Group plc ('Bridgepoint', an Ríocht Aontaithe)

— Windar Renovables, S.A.2 agus a fhochuideachtaí ('Windar', an Spáinn)

Gheobhaidh Bridgepoint rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Windsar ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Bridgepoint gníomhach i bhfás sócmhainní príobháideacha trí infheistiú a dhéanamh i gcothromas príobháideach agus i bhfiachais príobháideach, agus díríonn sé ar ghnólachtaí meánmhargaidh i gceithre réimse: (i) Ardtionscail, (ii) Seirbhísí Gnó agus Airgeadais, (iii) Tomhaltóirí agus (iv) Cúram Sláinte, agus an Teicneolaíocht mar phointe coiteann idir na réimsí sin.

— Tá ceanncheathrú Windar lonnaithe sa Spáinn agus déanann sé túir ghaoithe agus bunsraitheanna amach ón gcósta le haghaidh tuirbíní gaoithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11179 - BRIDGEPOINT / WINDAR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË